**CINNEADH (CBES) 2024/3003 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 2 Nollaig 2024**

**mar thaca le hacmhainneachtaí údaráis na hÚcráine a neartú chun an gháinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chosc agus a chomhrac, i gcomhar le ESCE**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 19 Samhain 2018, ghlac an Chomhairle Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne arm tine, mionarm agus armán éadrom aindleathach, mar aon lena n-armlón, dar teideal 'Airm a Dhaingniú, Saoránaigh a Chosaint' ('Straitéis SALW AE'). Cuireann Straitéis SALW AE de cheangal ar an Aontas agus a Bhallstáit cúnamh a thabhairt chun cumais forfheidhmithe dlí a neartú chun líonraí gáinneála a shainaithint, cur isteach orthu agus iad a thoirmeasc, agus chun cosc a chur ar sceimhlitheoirí agus coirpigh airm thine a fháil ar an margadh aindleathach, *inter alia* trí bhac a chur le maoiniú agus iompar aindleathach arm agus trí ról na bpóilíní teorann agus na n-údarás custaim agus calafoirt a fheabhsú i dtaca le dul i ngleic le sreafaí aindleathacha arm arna n-iompar ar muir.

(2) An 2 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/2009 ([1]) mar thaca le hiarrachtaí na hÚcráine chun an gháinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac, i gcomhar leis an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE). Ghlac an Chomhairle ina dhiaidh sin Cinntí (CBES) 2022/2276 ([2]), (CBES) 2024/330 ([3]), agus (CBES) 2024/1805 ([4]), chun síneadh a chur le tréimhse cur chun feidhme Chinneadh (CBES) 2019/2009 go dtí an 21 Eanáir 2025.

(3) An 2 Nollaig 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/2133 ([5]) lena dtacaítear leis an gclár cuimsitheach chun tacú le hiarrachtaí gáinneáil aindleathach SALW agus gnáth-armlóin a chosc agus a chomhrac in Oirdheisceart na hEorpa.

(4) Mar gheall ar na dúshláin slándála nach bhfacthas a leithéid roimhe seo a eascraíonn as cogadh foghach neamhdhleathach na Rúise ar an Úcráin ó mhí Feabhra 2022 i leith, tháinig méadú suntasach ar an mbaol a bhaineann le gáinneáil agus leathadh arm, armlón agus pléascán san Úcráin. D'fhéadfadh bagairt fhadtéarmach shonrach slándála a bheith i gceist leis sin don Aontas agus don Úcráin araon. Dá bhrí sin, a mhéid a bhaineann leis an tsaincheist, is leas frithpháirteach é an comhar idir an tAontas agus an Úcráin.

(5) Léiríodh a éifeachtaí atá an Chinneadh (CBES) 2019/2009 trína chur chun feidhme agus leagadh béim ar a ríthábhachtaí atá tacaíocht leanúnach agus leathnaithe.

(6) I mí Feabhra 2024, d'iarr údaráis na hÚcráine ar ESCE leanúint de thacú le hacmhainneachtaí údaráis na hÚcráine a neartú chun gach gné den gháinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chosc agus a chomhrac.

([1]) Cinneadh (CBES) 2019/2009 ón gComhairle an 2 Nollaig 2019 mar thaca le hiarrachtaí na hÚcráine an gháinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac, i gcomhar le ESCE (IO L 312, 3.12.2019, lch. 42).

([2]) Cinneadh (CBES) 2022/2276 ón gComhairle an 18 Samhain 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2009 mar thaca le hiarrachtaí na hÚcráine gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac, i gcomhar le ESCE (IO L 300, 21.11.2022, lch. 42).

([3]) Cinneadh (CBES) 2024/330 ón gComhairle an 16 Eanáir 2024 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2009 mar thaca le hiarrachtaí na hÚcráine gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac, i gcomhar le ESCE (IO L, 2024/330, 17.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/330/oj).

([4]) Cinneadh (CBES) 2024/1805 ón gComhairle an 24 Meitheamh 2024 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2009 mar thaca le hiarrachtaí na hÚcráine gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac, i gcomhar le ESCE (IO L, 2024/1805, 25.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1805/oj).

([5]) Cinneadh (CBES) 2021/2133 ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena dtacaítear leis an gclár cuimsitheach chun tacú le hiarrachtaí gáinneáil aindleathach Mionarm agus Armán Éadrom (SALW) agus Gnáth-Armlóin (CA) a chosc agus a chomhrac in Oirdheisceart na hEorpa (IO L 432, 3.12.2021, lch. 36).

(7) Leis na gealltanais chomhpháirteacha slándála idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin an 27 Meitheamh 2024, luaitear an méid seo a leanas:

— cuirfidh an tAontas agus an Úcráin dlús leis an obair chun atreorú arm tine agus SALW, a n-armlóin agus a bpléascán, a chosc agus a chomhrac;

— leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt don Úcráin acmhainneacht láidir a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar stoic, fáil agus seilbh arm tine agus SALW, imscrúdú agus a ionchúiseamh a dhéanamh ar sheilbh agus ar gháinneáil neamhdhleathach arm tine agus SALW, agus tacú leis an gcomhar agus leis an gcúnamh idirnáisiúnta sa réimse sin;

— tacóidh an tAontas le struchtúir iomchuí a ainmniú agus a fhorbairt, lena ndírítear ar airm thine agus SALW a rialú agus a dhiúscairt go héifeachtach;

— déanfaidh an tAontas agus an Úcráin ionramháil faisnéise arna ndéanamh ag an Rúis sa réimse sin a nochtadh agus a chomhrac go gníomhach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Is é is cuspóir don Chinneadh seo acmhainneachtaí údaráis na hÚcráine a neartú chun gach gné den gháinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin, chun na hÚcráine agus aisti a chosc agus a chomhrac.

2. Is iad seo a leanas cuspóirí an Chinnidh seo:

(a) acmhainneachtaí maoirseachta Aireacht Gnóthaí Baile na hÚcráine a fheabhsú i ndáil leis an gháinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chosc agus a chomhrac;

(b) feabhas a chur ar acmhainneachtaí oibríochtúla Phóilíní Náisiúnta na hÚcráine, Sheirbhís Garda Teorann Stáit na hÚcráine, Sheirbhís Custaim Stáit na hÚcráine, agus Sheirbhís Slándála na hÚcráine i ndáil leis an gháinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chosc agus a chomhrac.

3. Tacóidh an tAontas leis na cuspóirí a leagtar amach i mír 2 trí na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) feabhas a chur ar an gcreat normatach agus reachtach ábhartha, lena n-áirítear tacaíocht chun Straitéis agus Plean Gníomhaíochta náisiúnta a fhorbairt i dtaca le mionarm agus armán éadrom;

(b) feidhmiúlacht Chlár Aontaithe Arm na hÚcráine a fhorbairt;

(c) acmhainneachtaí na n-institiúidí ábhartha a fhorbairt trí oiliúint a chur ar fáil agus trí threalamh agus bonneagar speisialaithe a fháil;

(d) feabhas a chur ar an gcomhordú idirghníomhaireachta náisiúnta agus an comhar réigiúnach agus idirnáisiúnta agus an malartú faisnéise, go háirithe trí fhorbairt a dhéanamh ar fheidhmiúlacht an Lárionaid Comhordúcháin chun Gáinneáil Aindleathach Arm Tine, a bPáirteanna, agus a gComhpháirteanna agus a nArmlón a Chomhrac;

(e) feasacht a ardú i measc an phobail i gcoitinne.

4. Is iad údaráis náisiúnta na hÚcráine dá dtagraítear i mír 2 príomhthairbhithe an Chinnidh seo. Déanfar údaráis náisiúnta shainordaithe eile a fhostú ar bhonn cás ar chás i gcás inar gá chun críoch an Chinnidh seo.

5. Déantar cur síos mionsonraithe ar an tionscadal san Iarscríbhinn a gabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is í Rúnaíocht na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip ('Rúnaíocht ESCE') a dhéanfaidh cur chun feidhme teicniúil an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur i gcrích.

3. Déanfaidh Rúnaíocht ESCE a cuid cúraimí faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le Rúnaíocht ESCE.

*Airteagal 3*

1. Is é EUR 5 000 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chur chun feidhme an tionscadail arna mhaoiniú ag an Aontas dá dtagraítear in Airteagal 1.

2. Déanfar an caiteachas a mhaoineofar leis an méid tagartha a leagtar amach i mír 1 a bhainistiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar dhea-bhainistiú an chaiteachais dá dtagraítear i mír 2. Chun na críche sin, tabharfaidh sé an comhaontú is gá i gcrích le Rúnaíocht ESCE. Sonrófar sa chomhaontú sin go n-áiritheoidh Rúnaíocht ESCE infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, atá iomchuí lena méid.

4. Féachfaidh an Coimisiún leis anan gcomhaontú dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a thabharfar an comhaontú i gcrích.

*Airteagal 4*

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha leathbhliantúla arna n-ullmhú ag Rúnaíocht ESCE.

2. Tuairisceoidh an Coimisiún faoi ghnéithe airgeadais an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1.

*Airteagal 5*

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 36 mhí tar éis an dáta a thabharfar an comhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(3) i gcrích. Rachaidh sé in éag, áfach, 6 mhí tar éis an dáta a dtiocfaidh sé i bhfeidhm mura dtabharfar comhaontú den sórt sin i gcrích laistigh den tréimhse sin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Nollaig 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

NAGY M.

*IARSCRÍBHINN*

**DOICIMÉAD TIONSCADAIL**

**CLÁR COMHPHÁIRTEACH ESCE MAIDIR LE TACAÍOCHT A THABHAIRT D'IARRACHTAÍ NA hÚCRÁINE GÁINNEÁIL AINDLEATHACH AR AIRM, ARMLÓN AGUS PLÉASCÁIN, INA GNÉITHE UILE, A CHOMHRAC – Céim II**

1. Cúlra

Mar gheall ar na dúshláin slándála atá ann faoi láthair agus nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo a eascraíonn as cogadh foghach neamhdhleathach na Rúise ar an Úcráin, tá méadú suntasach tagtha ar an mbaol go ndéanfar gáinneáil ar airm, armlón agus pléascáin san Úcráin agus go ndéanfar iad a leathadh. Sa chomhthéacs reatha, tá dochar nach beag déanta d'infhaighteacht acmhainní daonna, teicniúla, anailíseacha, polaitiúla agus acmhainní eile atá ar fáil d'údaráis na hÚcráine a bhfuil sainordú acu cúraimí rialaithe arm, armlóin agus pléascán a chur chun feidhme.

Spreag an cogadh athrú i réimsí atá comhghaolaithe le gáinneáil agus iomadú arm, armlóin agus pléascán a chosc agus a chomhrac. In earnáil an rialaithe arm agus na dí-armála, ní féidir a shéanadh go bhfuil gá le bearta neartaithe maidir le clárú arm agus cuntasacht i dtaobh arm, mar shampla stoic arm míleata, forfheidhmithe dlí, agus shibhialtacha arm a chlárú go cuí agus cuntasaíocht a dhéanamh ina dtaobh go cuí, mar aon le rialú allmhairiúcháin/onnmhairiúcháin, agus seiceálacha iar-loingsithe ar aistrithe arm agus armlóin chuig údaráis na hÚcráine.

Bhí tionchar ag an gcogadh freisin ar an gcoireacht eagraithe thrasnáisiúnta, rud a rinne difear suntasach do gheilleagair aindleathacha réigiúnacha agus do líonraí coiriúla. Chuir an líne thosaigh isteach ar bhealaí agus ar mhoil gháinneála, agus tá margaí aindleathacha nua tagtha chun cinn, lena n-áirítear lasmuigh de theorainn na hÚcráine.

Mar gheall ar an staid slándála san Úcráin, tá méadú tagtha ar an bpráinn a bhaineann le tacaíocht agus cúnamh leanúnach chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí na gáinneála aindleathaí ar mionairm agus armáin éadroma (SALW) sa tír agus ar riachtanais athraitheacha an réigiúin.

Tá an Úcráin i gcónaí ina ábhar imní agus is dúshlán tábhachtach é i Straitéis an Aontais i gcoinne airm thine aindleathacha, mionarm agus armán éadrom agus a n-armlóin ('Straitéis SALW AE'). Luaitear an méid seo a leanas i Straitéis SALW AE 'mar thoradh ar an éagobhsaíocht atá ann faoi láthair in Oirthear na hEorpa tá méadú ar leibhéal na gáinneála aindleathaí ar airm thine i dtíortha éagsúla sa réigiún, amhail an Úcráin. Is bagairt fhadtéarmach shonrach slándála í an éagobhsaíocht sin don Úcráin agus don Aontas araon. Dá bhrí sin, is ar leas frithpháirteach é an comhar idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir leis an tsaincheist sin. Tá a rannpháirtíocht dhéthaobhach leis an Úcráin agus tíortha eile sa chomharsanacht á saothrú ag an Aontas agus comhtháthaíonn sé go córasach an comhrac i gcoinne SALW aindleathacha in aon idirphlé maidir le cúrsaí slándála le tíortha comhpháirtíochta sa chomharsanacht.'.

Dá bhrí sin, leis an tagairt do Chomharsanacht an Oirthir i gcoitinne agus don Úcráin go háirithe, leagtar amach na gníomhaíochtaí seo a leanas i straitéis SALW an Aontais:

'— Déanfaidh an tAontas gona Bhallstáit an comhrac i gcoinne gáinneáil ar airm thine/SALW i gcomhthéacs an idirphlé maidir le cúrsaí slándála le tíortha comhpháirtíochta sa chomharsanacht, amhail an Úcráin a chomhtháthú;

— Cuirfidh an tAontas gona Bhallstáit cainéil teagmhála ar bun idir saineolaithe san Aontas agus san Úcráin, déanfaidh siad pointe teagmhála a shainaithint chun comhar rianúil a áirithiú, feasacht a mhúscailt, dea-chleachtais agus saineolas a chomhroinnt, agus riachtanais oiliúna agus bearta eile tacaíochta a shainaithint chun acmhainneachtaí na hÚcráine sa réimse a neartú; agus

— Leanfaidh an tAontas gona Bhallstáit den obair ar bhonn buan teicniúil leis an Úcráin chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb phráinneach na gáinneála aindleathaí ar airm thine agus na rioscaí a bhaineann le sceimhlitheoirí agus grúpaí coireachta eagraithe agus seilbh a fháil acu ar na hairm thine sin.'

Tá Tosaíocht 4, i measc nithe eile, i bplean gníomhaíochta 2020-2025 an Aontais maidir le gáinneáil ar airm thine: dlús a chur leis an gcomhar idirnáisiúnta, go háirithe, idir comhpháirtithe an Aontais agus comhpháirtithe nach den Aontas iad i bhfianaise an ardriosca a bhaineann le gáinneáil ar airm thine in oirdheisceart na hEorpa (a thuigtear mar chomhpháirtithe neamh-AE na mBalcán Thiar, an Úcráin agus an Mholdóiv), na sainiúlachtaí atá nasctha lena chomhthéacs geopholaitiúil, líon ard agus cineál ard na ngníomhaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta lena mbaineann, agus an éagobhsaíocht atá ann faoi láthair in Oirthear na hEorpa. Leagtar béim sa Phlean Gníomhaíochta freisin ar an ngá atá ann ról a thabhairt don Úcráin agus don Mholdóiv i gcreat comhleanúnach níos leithne comhair i gcoinne bagairtí comhchoiteanna a bhaineann le gáinneáil aindleathach arm tine sa réigiún ar fad. Freagraíonn sé sin freisin an iarraidh ón gComhairle go mbeadh an Úcráin

rannpháirteach i bPleananna Gníomhaíochta Oibriúcháin ábhartha Thimthriall Beartais an Aontais maidir le coireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach. Maidir leis an Úcráin, cuirtear san áireamh sa Phlean Gníomhaíochta tacaíocht an Aontais d'iarrachtaí na hÚcráine gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac i gcomhar le ESCE agus Teach Imréitigh Oirdheisceart agus Oirthear na hEorpa um Rialú Mionarm agus Arm Éadrom (SEESAC).

An 2 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/2009 'chun tacú le hiarrachtaí na hÚcráine gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac, i gcomhar le ESCE' – a ainmníodh mar Chéim I. D'ainneoin an chogaidh leanúnaigh san Úcráin, rinneadh éachtaí suntasacha i dtreo na dtorthaí a bhfuiltear ag súil leo, arna n-éascú le hidirghabháil tionscadail faoi stiúir ESCE. Chuir páirtithe leasmhara na hÚcráine feabhas ar a gcumais i réimsí criticiúla éagsúla (lena n-áirítear anailís riosca agus choiriúil, teicnící braite agus imscrúdaithe, bearta reachtacha, feachtais feasachta, scileanna cainíneach agus scileanna diúscartha ordanáis phléascaigh, agus comhordú agus comhar idirnáisiúnta araon) chun gáinneáil aindleathach ar airm, armlóin agus pléascáin a chosc agus a chomhrac. Leis an idirghabháil tionscadail san Úcráin, mar chuid de Chinneadh (CBES) 2019/2009 ón gComhairle ar cuireadh síneadh léi ina dhiaidh sin (gan chostas) go dtí mí Eanáir 2025, léiríodh a héifeachtacht agus leagadh béim ar an ngá atá le tacaíocht leanúnach agus leathnaithe. Leis an staid slándála atá ann faoi láthair san Úcráin, leagtar béim ar an ngéarghá atá le cúnamh leanúnach, agus béim á leagan ar thábhacht an tionscadail maidir leis na bagairtí a bhaineann le gáinneáil aindleathach ar SALW laistigh den tír a chomhrac agus freagairt ar riachtanais dhinimiciúla an réigiúin.

Le gealltanais chomhpháirteacha slándála idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin, dar dáta an 27 Meitheamh 2024, cuireadh i dtábhacht go gcuirfidh an tAontas Eorpach agus an Úcráin dlús leis an obair chun atreorú arm tine, mionarm agus arm éadrom (SALW), a n-armlón agus a bpléascáin, a chosc agus a chomhrac. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht a thabhairt don Úcráin acmhainneacht láidir a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar stoic, fáil agus seilbh arm tine agus SALW, a seilbh neamhdhleathach agus a ngáinneáil neamhdhleathach a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus tacú leis an gcomhar agus leis an gcúnamh idirnáisiúnta sa réimse sin. Tacóidh an tAontas le struchtúir iomchuí a ainmniú agus a fhorbairt, arb é is aidhm dóibh airm thine agus SALW a rialú agus a dhiúscairt go héifeachtach.

I bhfianaise na ndúshlán atá i réim agus na staide slándála san Úcráin, ag tús 2024, chuir na tairbhithe tionscadail faoi seach – an Aireacht Gnóthaí Baile (MIA), na Póilíní Náisiúnta (NPU), an tSeirbhís Garda Teorann Stáit (SBGS), an tSeirbhís Custaim Stáit (SCS), agus Seirbhís Slándála Stáit na hÚcráine (SSU) – iarrataí oifigiúla isteach chun leanúint le cúnamh ESCE.

Mar fhreagairt ar an iarraidh sin, i mí an Mhárta – mí an Mheithimh 2024 rinne ESCE '*The Needs Assessment in Support of Strengthening the Capacities of Ukrainian Authorities in Preventing and Combating Illicit Trafficking in Weapons, Ammunition and Explosives in All Aspects*' [Measúnú ar Riachtanais chun Tacú le hAcmhainneachtaí Údaráis na hÚcráine a Neartú chun Gáinneáil Aindleathach ar Airm, Armlón agus Pléascáin, ina gnéithe uile, a Chosc agus a Chomhrac] (dá ngairtear 'Measúnú ar Riachtanais' anseo feasta), cleachtadh cuimsitheach inar sainaithníodh go soiléir na bearnaí agus na dúshláin chriticiúla atá os comhair na spriocphobal, lena n-áirítear an bhagairt a bhaineann le gáinneáil aindleathach ar mhionairm agus ar airm éadroma. Thug sé sin údar breise leis an ngá atá le leanúint den chúnamh comhfhreagrach agus é a leathnú. Ina theannta sin, chuir an staid slándála atá ann faoi láthair san Úcráin leis an bpráinn a bhaineann le cúnamh leanúnach, agus béim á leagan ar a thábhachtaí atá an tacaíocht sin chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí na gáinneála aindleathaí ar SALW sa tír chomh maith le riachtanais athraitheacha an réigiúin.

2. Cuspóir foriomlán

Cúnamh a thabhairt d'údaráis na hÚcráine gach gné de gháinneáil aindleathach arm, armlóin agus pléascán a chosc agus a chomhrac.

3. Cur síos ar an nGníomhaíocht

Tá an ghníomhaíocht bunaithe ar thorthaí agus ar mholtaí ó mheastóireacht sheachtrach ar idirghabháil tionscadail reatha ESCE san Úcráin, agus ón 'Measúnú ar Riachtanais'. A rinne Rúnaíocht ESCE. Cuireadh in iúl sa mheasúnú go bhfuil cur chuige uile-rialtais agus comhar idirnáisiúnta ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist go héifeachtúil, go héifeachtach agus le tionchar suntasach.

Dá bhrí sin, d'fhorbair ESCE, i ndlúthchomhar le húdaráis na hÚcráine, tionscadal lena dtugtar aghaidh ar ghnéithe éagsúla dá sainorduithe a bhaineann le gáinneáil aindleathach ar airm, armlóin agus pléascáin, ina gnéithe uile, a chomhrac d'fhonn sábháilteacht agus slándáil fhoriomlán san Úcráin a neartú. Leis an gCinneadh seo ón gComhairle, cuirfear maoiniú lárnach ar fáil don tionscadal seo; ina theannta sin, comhordaíonn ESCE ranníocaíochtaí airgeadais agus comhchineála ó dheontóirí

idirnáisiúnta eile, rud a thacóidh a thuilleadh le cur chun feidhme chuspóirí an tionscadail seo. Déanfar na gníomhaíochtaí sin a chomhghaolú agus a chomhordú le gníomhaíochtaí eile sa réigiún, mar shampla Cinneadh (CBES) 2021/2133 ón gComhairle lena dtacaítear leis an gclár cuimsitheach chun tacú le hiarrachtaí Gáinneáil Aindleathach Mionarm agus Armán Éadrom (SALW) agus Gnáth-Armlóin (CA) a chosc agus a chomhrac in Oirdheisceart na hEorpa.

Is é is aidhm don idirghabháil tionscadail ilbhliantúil seo atá beartaithe leanúint de chúnamh a thabhairt d'údaráis Rialtas na hÚcráine – an Aireacht Gnóthaí Baile (MIA), na Póilíní Náisiúnta (NPU), an tSeirbhís Garda Teorann Stáit (SBGS), an tSeirbhís Custaim Stáit (SCS) agus Seirbhís Slándála na hÚcráine (SSU) – chun gach gné den gháinneáil aindleathach ar airm, armlóin agus pléascáin a chosc agus a chomhrac.

Leis na próisis sin, fíoraíodh iarrataí ar chúnamh agus daingníodh go bhfuil gá le tacaíocht ó ESCE, eadhon maidir le cumais na n-údarás sainordaithe a neartú maidir leis an méid seo a leanas:

— feabhas a chur ar acmhainneachtaí maoirseachta Aireacht Gnóthaí Baile na hÚcráine chun gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chosc agus a chomhrac trí fheidhmiúlacht 'Chlárlann Aontaithe na nArm' a fheabhsú, trí shásraí reachtacha a fheabhsú, trí fheasacht an phobail a mhúscailt agus trí fheabhas a chur ar chomhordú idirghníomhaireachta agus ar chomhar idirnáisiúnta;

— feabhas a chur ar acmhainneachtaí oibríochtúla Phóilíní Náisiúnta na hÚcráine chun gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chosc agus a chomhrac;

— feabhas a chur ar chumais Sheirbhís Garda Teorann Stáit na hÚcráine gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chosc agus a chomhrac;

— feabhas a chur ar chumais Sheirbhís Custaim Stáit na hÚcráine gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chosc agus a chomhrac;

— feabhas a chur ar chumais Sheirbhís Slándála na hÚcráine an gháinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chosc agus a chomhrac.

4. Na torthaí a bhfuil ionchas leo

4.1 Toradh 1: Cuirtear feabhas ar acmhainneachtaí maoirseachta Aireacht Gnóthaí Baile na hÚcráine chun an gháinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chosc.

Tá Aireacht Gnóthaí Baile na hÚcráine ar cheann de na príomhúdaráis náisiúnta san Úcráin a cheapann beartas stáit, a rialálann agus a rialaíonn úsáid arm, armlóin agus pléascán agus, ina theannta sin, a fhorghníomhaíonn bearta oibríochtúla – go díreach nó trína gníomhaireachtaí fo-ordaithe – chomh maith le bearta comhair chun gach gné den gháinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chosc agus a chomhrac.

Is é is aidhm don toradh seo feabhas a chur ar acmhainneacht mhaoirseachta na hAireachta Gnóthaí Baile chun an gháinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chosc agus a chomhrac. Áirítear leis sin caighdeáin agus dea-chleachtais idirnáisiúnta a chur chun cinn agus a aistriú chun monarú, marcáil agus clárú arm, armlóin agus pléascán san Úcráin a rialú, tacú le feabhas a chur ar shásraí reachtacha chun cúrsaíocht agus úsáid arm, armlóin agus pléascán a rialáil agus a rialú, chomh maith le feasacht an phobail a mhúscailt maidir lena rialú. Cuirfidh raon feidhme na ngníomhaíochtaí a chuimsítear faoin toradh seo feabhas ar ról na hAireachta Gnóthaí Baile maidir le comhordú idirghníomhaireachta san Úcráin agus comhar le gníomhaithe idirnáisiúnta a chumasú agus a éascú, agus tacú le cuir chuige straitéiseacha i ndáil le gach gné den gháinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chosc agus a chomhrac.

4.1.1. Gníomhaíochtaí

4.1.1.1 Caighdeáin idirnáisiúnta agus dea-chleachtais a chur chun cinn agus a aistriú chun monarú, marcáil agus clárú arm, armlóin agus pléascán a rialú san Úcráin

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Malartú taithí agus dea-chleachtas a éascú trí chomhairliúcháin le saineolaithe, rannpháirtíocht i bhfóraim idirnáisiúnta ar an ábhar seo agus trí chuairteanna comhordúcháin;

— Trealamh teicniúil agus bogearraí a sholáthar chun feidhmiúlacht Chlárlann Aontaithe na nArm ('an Chlárlann') a nuachóiriú agus a fheabhsú chun úsáid na Clárlainne a fheabhsú agus a leathnú;

— Trealamh teicniúil agus bogearraí a sholáthar chun úsáid agus inchomhtháiteacht chórais an Aontais maidir le huathchórais sainaitheanta arm balaistíoch a fheabhsú agus a leathnú;

— Tacaíocht agus oiliúint dhlíthiúil a thabhairt chun úsáid na Clárlainne agus an uathchórais sainaitheanta arm balaistíoch a fheabhsú agus a leathnú.

4.1.1.2 Tacú le feabhas a chur ar shásraí reachtacha chun cúrsaíocht agus úsáid arm, armlóin agus pléascán a rialáil agus a rialú agus lena gcur chun feidhme chomh maith le feasacht an phobail a mhúscailt maidir leis na rioscaí a bhaineann le seilbh neamhdhleathach, mí-úsáid agus gáinneáil arm, armlóin agus pléascán

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Malartú taithí agus dea-chleachtas a éascú i gcomhpháirtíocht leis an Aireacht Gnóthaí Baile trí chomhairliúcháin le saineolaithe, rannpháirtíocht i bhfóraim idirnáisiúnta ar an ábhar agus cuairteanna staidéir do reachtóirí, lucht ceaptha beartas agus príomhshaineolaithe údaráis rialtais na hÚcráine maidir le saincheisteanna a bhaineann le húsáid agus cúrsaíocht arm, armlóin agus pléascán a rialáil agus a rialú agus le feasacht an phobail maidir lena rialú;

— Suirbhéanna ar thuairimí an phobail ar fud na tíre agus staidéir ar dhearcthaí i leith gnéithe éagsúla de rialú arm, armlóin agus pléascán a chur chun feidhme;

— Feachtais feasachta agus cumarsáide poiblí a chur chun feidhme maidir le rioscaí a bhaineann le seilbh neamhdhleathach, mí-úsáid agus gáinneáil arm, armlóin agus pléascán chomh maith le hanailís tionchair;

— Feasacht a ardú maidir le dúshláin a bhaineann le hinscne chun tuiscint ghinearálta ar na dúshláin sin a chur chun cinn agus a spreagadh i gcomhthéacsanna rialaithe arm, armlóin agus pléascán.

4.1.1.3 Comhordú idirghníomhaireachta agus comhar idirnáisiúnta a fheabhsú agus tacú le cuir chuige straitéiseacha maidir le gach gné den gháinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chosc agus a chomhrac

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Malartú taithí agus dea-chleachtas a éascú trí chomhairliúcháin le saineolaithe, rannpháirtíocht i bhfóraim idirnáisiúnta ar an ábhar agus cuairteanna staidéir do lucht ceaptha beartas agus príomhshaineolaithe maidir le hionaid chomhordúcháin a oibriú i dtaca le rialú arm, armlóin agus pléascán;

— Cúnamh teicniúil agus oiliúint a chur ar fáil chun feabhas a chur ar chumais oibríochtúla agus anailíseacha an Lárionaid Comhordúcháin um Chomhrac na Gáinneála Arm Tine, a bPáirteanna, a gComhpháirteanna agus a nArmlóin;

— Comhar idirnáisiúnta agus comhroinnt faisnéise a chur chun cinn laistigh de Mhaitrís na gcomhpháirtithe idirnáisiúnta chun tacú le hiarrachtaí rialaithe mionarm agus armán éadrom san Úcráin. Comhdhálacha náisiúnta bliantúla a eagrú maidir le dul chun cinn i gcur chun feidhme tionscnamh agus dúshlán i réimse na n-arm, an armlóin agus na bpléascán;

— Tacú le forbairt na Straitéise agus an Phlean Gníomhaíochta náisiúnta chun an gháinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chosc agus a chomhrac.

4.1.1.4 Rialachas agus comhordú tionscadal a éascú

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Boird rialachais leathbhliantúla agus cruinnithe rialta ghrúpa stiúrtha an Tionscadail a eagrú.

4.2 Toradh 2: Cuirtear feabhas ar acmhainneachtaí oibríochtúla Phóilíní Náisiúnta na hÚcráine chun an gháinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chosc agus a chomhrac

Tá ról ríthábhachtach ag Póilíní Náisiúnta na hÚcráine maidir le gach gné den gháinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chosc agus a chomhrac i gcomhthéacs na slándála náisiúnta, na sábháilteachta poiblí, agus an smachta reachta sa tír, lena n-áirítear trí straitéisí agus comhar ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Bainfear an toradh amach trí shraith chuimsitheach gníomhaíochtaí tionscadail, arna gcur chun feidhme i ndlúthchomhar le Póilíní Náisiúnta na hÚcráine. Is é is aidhm don chur chuige comhoibríoch sin aghaidh a thabhairt ar na castachtaí agus na deacrachtaí atá ag an Aonad Diúscartha Ordanáis Phléascaigh, ag an Aonad Cainíneach, ag an Aonad um Imscrúdú Coiriúil, agus ag an Aonad Rialaithe Arm ina gcuid oibríochtaí laethúla chun an gháinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac. Díreoidh an tionscadal ar oiliúint, cumais theicniúla agus éifeachtúlacht oibríochtúil na n-aonad speisialaithe seo a fheabhsú. Áireofar leis sin cláir fothaithe acmhainneachta, uasghráduithe teicneolaíochta, barrfheabhsú oibríochtúil, forbairt nósanna imeachta oibriúcháin caighdeánacha agus comhar idirghníomhaireachta a neartú.

4.2.1. Gníomhaíochtaí

4.2.1.1 Tacaíocht chomhairleach, trealamh teicniúil agus trealamh oideachais a sholáthar don tSeirbhís Diúscartha Ordanáis Phléascaigh

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Malartú taithí agus dea-chleachtas a éascú trí chomhairliúcháin le saineolaithe, rannpháirtíocht in imeachtaí idirnáisiúnta maidir leis an ábhar agus cuairteanna staidéir do lucht ceaptha beartas agus do phríomhshaineolaithe ón Roinn Diúscartha Ordanáis Phléascaigh

— Na cumais oiliúna a fhorbairt maidir le hairm, armlón agus pléascáin aindleathacha a chosc agus a bhrath trí sholáthar seomraí ranga TF agus trí fhorbairt bonneagair oideachais eile

— An oiliúint d'oiliúnóirí a eagrú lena bhfeabhsaítear acmhainneachtaí na n-oiliúnóirí i Roinn Diúscartha Ordanáis Phléascaigh Phóilíní Náisiúnta na hÚcráine maidir le hairm, armlón agus pléascáin aindleathacha a bhrath

— Feabhas a chur ar chumais oibríochtúla na Roinne Diúscartha Ordanáis Phléascaigh maidir le hairm, armlón agus pléascáin aindleathacha a chosc agus a bhrath trí thacaíocht shaineolach agus chomhairleach a sholáthar chomh maith le trealamh teicniúil

4.2.1.2. Dea-chleachtais, aistriú eolais agus cúnamh trealaimh a chur chun cinn do na hAonaid um Imscrúdú Coiriúil maidir le himscrúdú a dhéanamh ar gháinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Malartú taithí agus dea-chleachtas a éascú trí chomhairliúcháin le saineolaithe, rannpháirtíocht in imeachtaí idirnáisiúnta maidir leis an ábhar agus cuairteanna staidéir do lucht ceaptha beartas agus do phríomhshaineolaithe ó na hAonaid um Imscrúdú Coiriúil

— Cumais oiliúna a fhorbairt maidir le hairm, armlón agus pléascáin aindleathacha a chosc agus a bhrath trí sheomraí ranga TF agus bonneagar oiliúna eile a sholáthar, chomh maith le hoiliúint d'oiliúnóirí a eagrú d'oifigigh Phóilíní Náisiúnta na hÚcráine atá sna hAonaid um Imscrúdú Coiriúil

— Cumais oibríochtúla na nAonad um Imscrúdú Coiriúil a fheabhsú maidir le hairm, armlón agus pléascáin aindleathacha a chosc agus a bhrath trí sheicphointí sealadacha agus grúpaí soghluaiste agus anailíseacha a fheistiú

4.2.1.3. Dea-chleachtais, aistriú eolais agus cúnamh trealaimh a chur chun cinn do sheirbhís chainíneach Phóilíní Náisiúnta na hÚcráine maidir leis an ngáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a bhrath

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Malartú taithí agus dea-chleachtas a éascú trí chomhairliúcháin le saineolaithe, rannpháirtíocht in imeachtaí idirnáisiúnta maidir leis an ábhar agus cuairteanna staidéir do lucht ceaptha beartas agus do phríomhshaineolaithe ó sheirbhís chainíneach Phóilíní Náisiúnta na hÚcráine

— Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar mhodheolaíochtaí oiliúna agus buan-nósanna imeachta oibríochta a bhaineann leis an tseirbhís chainíneach i ndáil le comhrac na gáinneála aindleathaí ar airm, armlón agus pléascáin de réir na modhanna agus na n-oirbheart idirnáisiúnta oiliúna cainíneach is fearr

— An oiliúint d'oiliúnóirí a eagrú lena bhfeabhsaítear acmhainneachtaí na n-oiliúnóirí i seirbhís chainíneach Phóilíní Náisiúnta na hÚcráine maidir le hairm, armlón agus pléascáin aindleathacha a bhrath

— Trealamh teicniúil a sholáthar le haghaidh riachtanais na seirbhíse cainíní maidir le hairm, armlón agus pléascáin aindleathacha a bhrath

4.2.1.4. Dea-chleachtais a chur chun cinn, eolas a aistriú agus cúnamh trealaimh a sholáthar do na hAonaid Rialaithe Arm maidir le hairm agus armlón a rianú agus a chlárú

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Malartú taithí agus dea-chleachtas a éascú trí chomhairliúcháin le saineolaithe, rannpháirtíocht in imeachtaí idirnáisiúnta maidir leis an ábhar agus cuairteanna staidéir do lucht ceaptha beartas agus do phríomhshaineolaithe ó Aonad Rialaithe Arm Phóilíní Náisiúnta na hÚcráine

— Gníomhaíochtaí feasachta agus for-rochtana poiblí maidir le rioscaí a bhaineann le seilbh neamhdhleathach, mí-úsáid agus gáinneáil arm, armlóin agus pléascán

— Trealamh teicniúil a sholáthar chun feabhas a chur ar chumais Aonad Rialaithe Arm Phóilíní Náisiúnta na hÚcráine chun go mbainfidh ranna réigiúnacha Phóilíní Náisiúnta na hÚcráine úsáid éifeachtach as Clárlann Aontaithe na nArm

4.3 Toradh 3: Cuirtear feabhas ar chumais Sheirbhís Garda Teorann Stáit na hÚcráine chun an gháinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chosc agus a chomhrac

4.3.1. Gníomhaíochtaí

4.3.1.1. Oiliúint agus aistriú eolais cuimsitheach a sholáthar do phearsanra na Seirbhíse Garda Teorann Stáit chun an gháinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chosc agus a chomhrac

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Cláir mhalartaithe fothaithe acmhainneachta do shaineolaithe na Seirbhíse Garda Teorann Stáit chun an gháinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac

— Cláir oiliúna speisialaithe maidir le gáinneáil trasteorann ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac d'oifigigh rialaithe teorann na Seirbhíse Garda Teorann Stáit a fhorbairt, a chur chun feidhme agus meastóireacht a dhéanamh orthu

— Cláir oiliúna speisialaithe maidir le gáinneáil trasteorann ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac d'oifigigh anailíseacha na Seirbhíse Garda Teorann Stáit a fhorbairt, a chur chun feidhme agus meastóireacht a dhéanamh orthu

— Cruinniú comhchéime/ceardlann náisiúnta a eagrú maidir leis an ngáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac.

4.3.1.2. Trealamh agus cúnamh teicneolaíochta a sholáthar do Sheirbhís Garda Teorann Stáit na hÚcráine chun an gháinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Trealamh teicniúil a sholáthar d'aonaid rialaithe teorann agus d'ionaid oiliúna Sheirbhís Garda Teorann Stáit na hÚcráine

— Trealamh teicniúil agus teicneolaíochtaí teicniúla a sholáthar d'aonaid chuardaigh anailíseacha agus oibriúcháin na Seirbhíse Garda Teorann Stáit.

4.3.1.3. Cúnamh cainíneach a sholáthar do Sheirbhís Garda Teorann Stáit na hÚcráine chun an gháinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chosc agus a chomhrac

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Clár malartaithe / cuairt staidéir um fhothú acmhainneachta cainíneach

— Modheolaíochtaí oiliúna madraí, nósanna imeachta oibríochta agus oirbheartaíocht úsáide a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta trí chlár meantóireachta saineolaithe

— Trealamh agus ábhair oiliúna a sholáthar do sheirbhís chainíneach na Seirbhíse Garda Teorann Stáit chun tacú le hoiliúint agus le hoibríochtaí chun an gháinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac

— Feabhas a chur ar an mbonneagar oiliúna madraí ag ionad oiliúna cainínigh na Seirbhíse Garda Teorann Stáit.

4.4 Toradh 4: Cuirtear feabhas ar chumais Sheirbhís Chustaim Stáit na hÚcráine maidir leis an ngáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chosc agus a chomhrac

4.4.1. Gníomhaíochtaí

4.4.1.1. Oiliúint chuimsitheach agus aistriú eolais cuimsitheach a chur ar fáil maidir le gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chosc agus a chomhrac do phearsanra na Seirbhíse Custaim Stáit

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Cláir mhalartaithe fothaithe acmhainneachta do shaineolaithe na Seirbhíse Custaim Stáit chun an gháinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac

— Cláir oiliúna speisialaithe maidir le gáinneáil trasteorann ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac do phearsanra na Seirbhíse Custaim Stáit a fhorbairt, a chur chun feidhme agus meastóireacht a dhéanamh orthu

— Modúl speisialaithe oiliúna d'oiliúnóirí maidir le gáinneáil trasteorann ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac don tSeirbhís Custaim Stáit a fhorbairt, a chur chun feidhme agus meastóireacht a dhéanamh air

— Cruinniú comhchéime/ceardlann náisiúnta a eagrú maidir le gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac

4.4.1.2. Trealamh agus cúnamh teicneolaíochta a sholáthar do Sheirbhís Custaim Stáit na hÚcráine chun gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Trealamh teicniúil agus teicneolaíochtaí a sholáthar do Sheirbhís Custaim Stáit na hÚcráine

4.4.1.3. Cúnamh cainíneach a chur ar fáil do Sheirbhís Custaim Stáit na hÚcráine chun gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Clár malartaithe um fhothú acmhainneachta cainíneach

— Modheolaíochtaí oiliúna madraí, nósanna imeachta oibríochta agus oirbheartaíocht úsáide a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta trí chlár meantóireachta saineolaithe

— Trealamh agus ábhair oiliúna a sholáthar do sheirbhís chainíneach na Seirbhíse Custaim Stáit chun tacú le hoiliúint agus le hoibríochtaí chun gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac

— Feabhas a chur ar bhonneagar oiliúna madraí ag ionad oiliúna cainínigh na Seirbhíse Custaim Stáit

4.5 Toradh 5: Cuirtear feabhas a chur ar chumais Sheirbhís Slándála na hÚcráine gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chosc agus a chomhrac

4.5.1. Gníomhaíochtaí

4.5.1.1. Oiliúint agus aistriú eolais cuimsitheach a chur ar fáil do phearsanra Sheirbhís Slándála na hÚcráine maidir le gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chosc agus a chomhrac

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Cláir mhalartaithe fothaithe acmhainneachta do shaineolaithe Sheirbhís Slándála na hÚcráine chun gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac

— Cláir oiliúna speisialaithe maidir le himscrúduithe a bhaineann le hairm, armlón agus pléascáin do phearsanra Sheirbhís Slándála na hÚcráine a fhorbairt, a chur chun feidhme agus meastóireacht a dhéanamh orthu

— Cruinniú comhchéime/ceardlann náisiúnta a eagrú maidir le gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac

4.5.1.2. Trealamh agus cúnamh teicneolaíochta a sholáthar do Sheirbhís Slándála na hÚcráine chun gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chosc agus a chomhrac

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Trealamh teicniúil agus teicneolaíochtaí a sholáthar do Sheirbhís Slándála na hÚcráine

4.5.1.3. Cúnamh cainíneach a chur ar fáil do Sheirbhís Slándála na hÚcráine maidir le gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chosc agus a chomhrac

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Clár malartaithe / cuairt staidéir um fhothú acmhainneachta cainíneach

— Modheolaíochtaí oiliúna madraí agus oirbheartaíocht úsáide agus airm, armlón agus pléascáin á mbrath a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta

— Trealamh a sholáthar do sheirbhís chainíneach na Seirbhíse Custaim Stáit chun tacú le hoiliúint agus le hoibríochtaí chun gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac

5. Bainistiú tionscadal agus tacaíocht riaracháin chun an ghníomhaíocht a chur chun feidhme

Déanfaidh an Fhoireann Cur Chun Feidhme Tionscadail, a oibríonn faoi choimirce Lárionad um Chosc Coinbhleachtaí / Aonad Tacaíochta an Fhóraim um Chomhar Slándála ESCE, an struchtúr eagraíochtúil maidir le riarachán agus cur chun feidhme tionscadal a chorprú, agus beidh an fhoireann sin i láthair i Vín agus i gCív.

Méadófar éifeachtacht na Foirne Cur Chun Feidhme Tionscadail trí ghnéithe tacaíochta speisialaithe a chomhtháthú i soláthar agus i mbainistiú sócmhainní/taistil. Beidh na gnéithe sin leabaithe go daingean sna rannáin iomchuí de chuid Rúnaíocht ESCE, go háirithe na Ranna Bainistíochta agus Airgeadais. Tá an struchtúr seo ceaptha chun éifeachtúlacht oibríochtúil an tionscadail agus a chumas a neartú chun a chuspóirí a bhaint amach, rud a chinntíonn cur chuige comhtháite agus cuimsitheach i leith bainistiú tionscadal faoi chuimsiú shainorduithe oibríochta ESCE.

Déanfaidh an pearsanra tiomnaithe tionscadail na cúraimí seo a leanas:

— na tionscadail a bhainistiú trí gach céim den saolré tionscadail,

— maoirseacht airgeadais a dhéanamh ar na tionscadail ó lá go lá,

— saineolas teicniúil agus dlíthiúil a chur ar fáil, lena dtacaítear le soláthairtí na dtionscadal,

— dul i dteagmháil le heagraíochtaí agus le cláir idirnáisiúnta eile agus comhordú a dhéanamh leo,

— dearbhú cáilíochta agus rialú cáilíochta a dhéanamh ar thorthaí insoláthartha na dtionscadal,

— tacú le húdaráis na hÚcráine chun bearta náisiúnta nua a fhorbairt lena neartófar acmhainneachtaí agus iarrachtaí comhpháirteacha i ndáil le gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chosc agus a chomhrac.

6. Inscne

Chun éifeachtacht bheartais rialaithe arm, armlóin agus pléascán a mhéadú agus chun a áirithiú go gcuirfidh a gcur chun feidhme feabhas ar an tslándáil do mhná agus d'fhir araon, déanfar gné na hinscne a chomhtháthú sna gníomhaíochtaí a dtacaítear leo leis an gcinneadh seo agus tabharfar aghaidh uirthi trí chomhairle agus saineolas teicniúil, trí tháirgí eolais agus oiliúint a fhorbairt. Thairis sin, tá sé beartaithe leis an tionscadal príomhshruthú inscne a ionchorprú sa tslándáil chuimsitheach, agus aitheantas á thabhairt don tábhacht a bhaineann le gnéithe inscne a mheas ina ghníomhaíochtaí.

Áirítear comhionannas inscne agus/nó cumhachtú na mban i dtoradh 2 faoi ghníomhaíocht 2.2 maidir le 'Feasacht ar shaincheisteanna inscne a mhúscailt chun tuiscint ghinearálta ar dhúshláin a bhaineann le hinscne a chur chun cinn agus a spreagadh i gcomhthéacsanna rialaithe arm, armlóin agus pléascán' lena rannchuidítear le príomhshruthú inscne an tionscadail trí ghné na hinscne a chomhtháthú agus trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus ar na tionchair shonracha a bhíonn ag noirm agus róil inscne ar rialú arm agus armlóin. Ina theannta sin, aithníonn an tionscadal an tábhacht

a bhaineann le rannpháirtíocht agus cuimsiú comhionann na mban sa chlár, rud a chinntíonn go ndéantar ionadaíocht ar a gcuid guthanna agus dearcthaí, agus go dtógtar acmhainneachtaí le fostaithe den dá inscne.

7. Tairbhithe

Is iad údaráis náisiúnta na hÚcráine atá freagrach as gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chosc agus a chomhrac tairbhithe díreacha na gníomhaíochta. Seo a leanas na húdaráis náisiúnta a ndírítear orthu go príomhúil: an Aireacht Gnóthaí Baile, a sheirbhísí saineolaithe agus ceadúnaithe san áireamh, Póilíní Náisiúnta na hÚcráine, an tSeirbhís Garda Teorann Stáit, an tSeirbhís Custaim Stáit agus Seirbhís Slándála na hÚcráine. Is féidir le tairbhithe a iarraidh go n-áireofaí faighteoirí breise chun tacú le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí tionscadail atá le deimhniú ag an deontóir/na deontóirí agus ag feidhmeoir Aonad Tacaíochta an Fhóraim um Chomhar Slándála. Tá sé beartaithe go mbeidh an Aireacht Gnóthaí Baile, Póilíní Náisiúnta na hÚcráine, an tSeirbhís Garda Teorann Stáit, an tSeirbhís Custaim Stáit agus Seirbhís Slándála na hÚcráine ag gabháil do rialachas an tionscadail mar chomhaltaí boird stiúrtha i gcáil tairbhí an tionscadail/ionadaí do chustaiméirí.

Is iad pobail san Úcráin agus a comharsanacht Eorpach a chuirtear i mbaol mar gheall ar úsáid aindleathach arm, armlóin agus pléascán i ngníomhaíochtaí coiriúla, sa sceimhlitheoireacht agus i mí-úsáid fhoréigneach a bheidh mar thairbhithe indíreacha.

Beidh an tAontas agus a Bhallstáit ina dtairbhithe indíreacha den tionscadal freisin toisc go mbainfidh siad tairbhe as an aiseolas ó údaráis na hÚcráine maidir le bealaí gáinneála sainaitheanta na n-arm aindleathach,

8. Infheictheacht an Aontais

Déanfaidh ESCE gach beart iomchuí chun a phoibliú gur chistigh an tAontas an ghníomhaíocht seo. Déanfar bearta mar sin i gcomhréir le Lámhleabhar Cumarsáide agus Infheictheachta an Choimisiúin le haghaidh Gníomhaíochtaí Seachtracha an Aontais Eorpaigh. Ar an gcaoi sin, áiritheoidh ESCE infheictheacht rannchuidiú an Aontais le brandáil agus le poiblíocht iomchuí, agus béim á leagan ar ról an Aontais, trédhearcacht a ghníomhaíochtaí á háirithiú, agus feasacht á múscailt ar na cúiseanna leis an gCinneadh seo maille le feasacht ar thacaíocht an Aontais don Chinneadh seo agus ar thorthaí na tacaíochta sin. Beidh bratach an Aontais le feiceáil go soiléir ar ábhar a tháirgtear tríd an tionscadal i gcomhréir le treoirlínte an Aontais maidir leis an mbratach a úsáid agus a atáirgeadh go cruinn.

Ós rud é go bhfuil na gníomhaíochtaí beartaithe an-éagsúil ó thaobh raon feidhme agus cineáil de, bainfear úsáid as réimse uirlisí fógraíochta, lena n-áirítear: na meáin thraidisiúnta; suíomhanna gréasáin; na meáin shóisialta; agus ábhair faisnéise agus fógraíochta lena n-áirítear grafaicí faisnéise, bileoga, nuachtlitreacha, preaseisiúintí agus nithe eile, mar is iomchuí. Déanfar foilseacháin, imeachtaí poiblí, feachtais, trealamh agus oibreacha tógála arna soláthar faoin tionscadal a bhrandáil dá réir sin. Chun go mbeidh tionchar níos mó ag an tionscadal, déanfar feasacht a mhúscailt sna rialtais náisiúnta éagsúla agus ina bpobail, sa phobal idirnáisiúnta agus sna meáin áitiúla agus idirnáisiúnta trí dhul i dteagmháil le gach ceann de na spriocghrúpaí tionscadail sa teanga iomchuí. Ina theannta sin, ceapfar gníomhaíochtaí speisialta a d'fhéadfadh a bheith ann, mar shampla agallaimh leis na meáin agus turais allamuigh de chuid phobal na ndeontóirí. Déanfar gailearaí grianghraf agus gearrscannáin faoi ghníomhaíochtaí an tionscadail a fhorbairt/a tháirgeadh agus a úsáid i mbearta infheictheachta arna gcur i gcrích ag ESCE.

9. Fad

Bunaithe ar an taithí a fuarthas ó Chinneadh (CBES) 2019/2009 a chur chun feidhme, agus raon feidhme leathan na gníomhaíochta, líon na dtairbhithe agus líon agus castacht na ngníomhaíochtaí atá beartaithe á gcur san áireamh, is é 36 mhí an tréimhse don chur chun feidhme.

10. Eintiteas cur chun feidhme teicniúil

Cuirfear cur chun feidhme teicniúil an Chinnidh seo de chúram ar Lárionad um Chosc Coinbhleachtaí Rúnaíocht ESCE. Cuirfidh ESCE na gníomhaíochtaí faoin gCinneadh seo chun feidhme i gcomhordú agus i gcomhar le heagraíochtaí agus gníomhaireachtaí idirnáisiúnta eile, go háirithe d'fhonn sineirgí éifeachtacha a áirithiú agus dúbláil gníomhaíochtaí a sheachaint.

11. An Coiste Stiúrtha

Beidh an Coiste Stiúrtha le haghaidh an tionscadail seo comhdhéanta d'ionadaithe thar ceann an Ardionadaí, Thoscaireacht an Aontais i gCív agus an eintitis cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 6 den Iarscríbhinn seo. Áiritheoidh an t-eintiteas cur chun feidhme, le cabhair ón gCoiste Stiúrtha, go gcuirfear an tionscadal chun feidhme i gcomhar le cúnamh gaolmhar eile an Aontais don Úcráin, mar shampla an Straitéis um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha (le tacaíocht ó Ionstraim Eorpach Chomharsanachta an Choimisiúin), straitéis le haghaidh an choireacht eagraithe a chomhrac, an comhar réigiúnach leis na

Balcáin Thiar i réimse rialú SALW arna cur chun feidhme ag UNDP/SEESAC (le tacaíocht ó Chinntí (CBES) 2019/2111 ([1]) agus (CBES) 2022/2321 ón gComhairle ([2])), comhar forfheidhmithe dlí AE-UA i réimse na gáinneála ar airm thine (le tacaíocht ó AS HOME an Choimisiúin, Europol agus airm thine EMPACT), obair *Conflict Armament Research* san Úcráin (le tacaíocht ó Chinneadh (CBES) 2023/387 ón gComhairle ([3])), misin Chomhbheartas Slándála agus Cosanta an Aontais EUAM Ukraine agus EUBAM an Mholdóiv/an Úcráin agus a ngníomhaíochtaí tacaíochta do rialú teorann, agus obair na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Imirce maidir le Dí-armáil, Díshlógadh agus Athimeascadh iarthrodaithe (le tacaíocht ón gCoimisiún a rannchuidíonn leis an Ionstraim lena gcuirtear le Cobhsaíocht agus le Síocháin). Tabharfaidh an Coiste Stiúrtha cuireadh d'ionadaithe ó chomhpháirtithe rialtais na hÚcráine ar bhonn rialta. Is féidir leis an gCoiste Stiúrtha cuireadh a thabhairt d'ionadaithe na n-eintiteas atá páirteach i dtionscadail san Úcráin a bhfuil cuspóir comhchosúil nó gaolmhar acu freisin. Déanfaidh an Coiste Stiúrtha cur chun feidhme an Chinnidh seo a athbhreithniú go rialta, uair amháin ar a laghad gach 6 mhí, lena n-áirítear trí mhodhanna leictreonacha cumarsáide a úsáid.

---

([1]) Cinneadh (CBES) 2019/2111 ón gComhairle an 9 Nollaig 2019 a thacaíonn le gníomhaíochtaí dí-armála agus rialaithe airm SEESAC in Oirdheisceart na hEorpa chun bagairt na mionarmán agus na n-armán éadrom agus a n-armlón a laghdú (IO L 318, 10.12.2019, lgh. 147).

([2]) Cinneadh (CBES) 2022/2321 ón gComhairle an 25 Samhain 2022 mar thaca le Teach Imréitigh Oirdheisceart agus Oirthear na hEorpa um Rialú Mionarm agus Armán Éadrom (SEESAC) do chur chun feidhme an Treochláir Réigiúnaigh maidir leis an ngáinneáil aindleathach ar airm sna Balcáin Thiar a chomhrac agus mar thaca le gníomhaíochtaí dí-armála agus rialaithe arm in Oirdheisceart agus in Oirthear na hEorpa (IO L 307, 28.11.2022, lgh. 149).

([3]) Ceartúchán ar Chinneadh (CBES) 2023/387 ón gComhairle an 20 Feabhra 2023 mar thaca le sásra domhanda ar ghnáth-airm aindleathacha agus a n-armlón chun an baol a bhaineann lena n-atreorú agus lena n-aistriú aindleathach a laghdú ('iTrace V') (IO L 73, 10.3.2023, lch. 67).